Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13569/25**

**CDR 75**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar beirt chomhaltaí agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht na Laitvia, de Choiste na Réigiún - Glacadh |

1. I litir dar dáta an 19 Lúnasa 2025[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Aivars OKMANIS agus Dainis TURLAIS a cheapadh ina gcomhaltaí de Choiste na Réigiún agus ar dá bhun a ceapadh iad. An 19 Lúnasa 2025[2], i litir uaidh, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Justīne PANTEĻĒJEVA, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 12285/25.
[2] 12291/25.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhaltaí a chur in ionad Aivars OKMANIS agus Dainis TURLAIS, mhol Rialtas na Laitvia[3] Mairita LŪSE, *Deputāte, Rīgas dome* (comhalta den chomhairle, comhairle cathrach Ríge), agus Jānis ROZENBERGS, *Deputāts, Cēsu novada pašvaldības dome* (comhalta den chomhairle, comhairle bhardasach Cesis), mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. Chun comhalta malartach a chur in ionad Justīne PANTEĻĒJEVA, mhol Rialtas na Laitvia[3] Leons Līdums, *Deputāts, Aizkraukles novada pašvaldības dome* (comhalta den chomhairle, comhairle bhardasach Aizkraukle), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

5. Thairis sin, agus chun an post a d'fhág Jānis ROZENBERGS folamh a líonadh, mhol Rialtas na Laitvia[3] Edgars IKSTENS, *Deputāts, Rīgas dome* (comhalta den chomhairle, comhairle cathrach Ríge), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u>, dá bhrí sin, a dhearbhú go n- aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 13568/25 é, agus a mholadh don <u>Chomhairle</u> an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[3] 13347/25.